

Cur Síos ar an bPost: Príomhoide Tánaisteach

Príomhoide Tánaisteach ag SUTTON PARK SCHOOL, BAILE ÁTHA CLIATH 13

Achoimre ar an bPost

Is é príomhfhreagracht an Phríomhoide Tánaisteach ná cabhrú leis an bPríomhoide i mbainistíocht na scoile.

Chomh maith le dualgais riaracháin agus bainistíochta ar leith a chomhlíonadh, tá ról ceannaireachta agus spreagtha ag an bPríomhoide Tánaisteach i dtreo fiontar na scoile. Le chéile, is cuid den fhoireann bhainistíochta sinsearach iad an Príomhoide agus an Príomhoide Tánaisteach, agus caithfidh siad oibriú as lámha a chéile chun aidhmeanna agus cuspóirí na scoile a bhaint amach. D'fhéadfadh an obair foirne sin leathnú chun sealbhóirí post eile agus an fhoireann a áireamh, a bhfuil a gcomhoibriú agus a dtiomantas ríthábhachtach chun spriocanna na scoile a bhaint amach.

Tá sé de dhualgas ar an bPríomhoide Tánaisteach ionadaíocht a dhéanamh ar an bPríomhoide nuair atá sé as láthair i ngach cás eagraíochtúil/riaracháin agus maidir le smacht laistigh den scoil.

Caithfidh an Príomhoide Tánaisteach a bheith sásta oibriú i gcomhar leis an bPríomhoide nó faoi threoir an Phríomhoide.

Cé go bhfuil uasmhéid uaireanta teagaisc ann, beidh sé riachtanach don Phríomhoide Tánaisteach a bheith i láthair sa scoil i rith an lae scoile de ghnáth.

D'fhéadfadh an Bord Bainistíochta a iarraidh ar an bPríomhoide Tánaisteach a bheith i láthair le linn na Scrúduithe Stáit agus ag amanna eile lasmuigh d'uaireanta agus laethanta oscailte na scoile, de réir mar is gá ó am go ham. D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach don Phríomhoide Tánaisteach a bheith ag an scoil chun mic léinn a mhaoirsiú ag an mbealach isteach agus amach.

Caidreamh Tuairiscithe/Freagrachta

Tuairisceoidh an Príomhoide Tánaisteach don Phríomhoide.

Príomhréimsí Freagrachta

Ceannaireacht ar Fhoghlaim & Teagasc

- Cabhrú leis an bPríomhoide timpeallacht scoile a fhorbairt a thacaíonn le foghlaim agus le hardchaighdeán i measc na ndaltaí.
- Forbairt agus soláthar clár foghlama agus curaclaim cuí, chomh maith le modhanna teagaisc a fhreastalaíonn ar riachtanais gach dalta sa scoil, agus amchlárú chun tacú leo.

- Cur chun cinn cleachtais éifeachtacha foghlama agus teagasc ar fud na scoile.
- Cabhrú le forbairt an churaclaim scoile agus polasaithe measúnaithe.
- Córas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun dul chun cinn aonair daltaí a thaifeadadh agus a chinntiú go gcuirtear tuismitheoirí ar an eolas go rialta faoi dhul chun cinn a bpáistí.
- Cabhrú leis an bPríomhoide maidir le monatóireacht agus measúnú ar fhoghlaím agus teagasc ar fud na scoile agus cur le féinmheasúnú scoile agus forbairt pleananna feabhsúcháin.

Ceannaireacht ar Fhorbairt na Scoile

- Cabhrú leis an bPríomhoide athmheasúnú a dhéanamh ar chuspóir, ar spriocanna agus ar ghníomhaíochtaí na scoile i gcomhréir le Treoirínte Féinmheasúnaithe ón gCigireacht Oideachais.
- Cabhrú leis an bPríomhoide aidhmeanna agus cuspóirí oideachais na scoile a fhorbairt agus straitéisí a cheapadh chun iad a bhaint amach.
- Cabhrú leis an bPríomhoide plean na scoile agus polasaithe a chomhordú le haghaidh ceadaíthe ag an mBord Bainistíochta.

Forbairt Acmhainne Ceannaireachta

- Caidreamh oibre maith a fhorbairt leis an bPríomhoide, leis an bhfoireann teagasc agus leis an bhfoireann tacaíochta.
- Déileáil le gach ball foirne le meas agus caidrimh dhearfacha a chothú.
- Cabhrú leis an bPríomhoide forbairt leanúnach foirne agus seirbhísí inseirbhíse a chur chun cinn, agus riachtanais foirne na scoile a aithint – .i. foireann teagasc agus tacaíochta.
- Comhordú Forbartha Foirne agus eagrú Laethanta Foirne.
- Cabhrú leis an bPríomhoide comhairle a thabhairt don Bhord Bainistíochta maidir le hoiriúnacht múinteora ar thriail le haghaidh fostaíochta leanúnacha sa scoil.

Cumarsáid

- Córas cumarsáide éifeachtach a fhorbairt le daltaí, foireann, tuismitheoirí agus an pobal níos leithne.
- Caidreamh éifeachtach a chothabháil leis na páirtithe leasmhara (BOM, BOG, foireann, daltaí, tuismitheoirí, Cumann na dTuismitheoirí, Comhairle na Mac Léinn agus pobal na scoile níos leithne).
- Cumarsáid a dhéanamh le daltaí, foireann agus tuismitheoirí ar bhealach dearfach, cairdiúil agus gairmiúil.
- Cód lompair na scoile agus gach polasaí scoile a chur i bhfeidhm le tuiscint ar an gcúis atá leo.
- Dul i gcomhairle le hionadaithe ceardchumainn na scoile maidir le cúrsaí a bhaineann leis an scoil.

Bainistíocht na hEagraíochta

- Cabhrú leis an bPríomhoide i mbainistíocht laethúil na scoile, lena n-áirítear pleanáil agus maoirsiú ar amchlár laethúil na ranganna.
- Cabhrú leis an bPríomhoide i gcúrsaí smachta daltaí, i gcur chun cinn dea-ord agus i maoirsiú ginearálta idir ranganna.
- Freagracht a ghlacadh as an liosta múinteoirí as láthair agus cur i bhfeidhm agus monatóireacht ar an Scéim Maoirsiú agus Ionadaíochta.
- Córas éifeachtach bainistíochta sonraí a bhunú agus a chothabháil, mar shampla taifid daltaí, taifid múinteoirí, tinreamh, nósanna imeachta ceannaigh agus amchláir.
- Cabhrú leis an bPríomhoide le maoirsiú ag amanna briseadh agus lóin.
- Cabhrú leis an bPríomhoide le maoirsiú ar maidin roimh oscailt na scoile.
- Cabhrú leis an bPríomhoide agus a bheith ar fáil le linn Scrúduithe Stáit i mí an Mheithimh.
- Achoimre ar thorthaí na Scrúduithe Stáit a ullmhú don Bhord Bainistíochta.
- Cabhrú ag tráthnónta oscailte agus imeachtaí eile lasmuigh den ghnáthuaire scoile.
- Cabhrú le clárú na chéad bhlianta nua.
- Cabhrú lena chinntiú go bhfuil slándáil fhoirgneamh na scoile agus sábháilteacht na maoine i bhfeidhm.
- Gnáthghníomhaíochtaí comhfhreagrais a dhéanamh, tuarascálacha agus tuairisceáin eolais a chur ar fáil de réir mar a éilíonn an Roinn Oideachais agus an Bord Bainistíochta, agus a chinntiú go ndéantar socruithe chun déileáil leis na cúrsaí riaracháin sin le linn tréimhsí saoire bliantúla.
- Cloí le horduithe dleathacha an Bhoird Bainistíochta agus le rialacha agus riachtanais an Aire Oideachais.

Féin-Fheasacht agus Féin-Bhainistíocht

- Aithint tábhacht an chaidrimh idir an Príomhoide agus an Príomhoide Tánaisteach, an caidreamh le baill eile den phobal scoile, agus an tionchar foriomlán a bhíonn ag caidrimh oibre éifeachtacha.
- Caighdeán maith idirghníomhaíochtaí gairmiúla a leagan síos agus a chinntiú go bhfuil teorainneacha caidrimh ghairmiúla i bhfeidhm.
- A bheith feasach ar a scileanna féin agus a bheith sásta cabhair agus comhairle a lorg nuair is gá.
- Sláine ghairmiúil a chothabháil i gcónaí, m.sh. discríd, rúndacht, dílseacht agus muinín.

Nóta: De réir Threoirlínte na Roinne Oideachais, déanfaidh an Príomhoide Tánaisteach comhaontú leis an bPríomhoide chun dualgais riaracháin áirithe a ghlacadh ó am go ham, de réir fhreagrachtaí an phoist.